Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5310/23**

**COPS 25**
**CFSP/PESC 80**
**CIVCOM 11**
**RELEX 42**
**CSDP/PSDC 30**
**COEST 31**
**JAI 39**
**COHOM 13**
**EUMM GEORGIA 1**
**PSC DEC 2**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le ceapachán an Chinn Misin ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia) (EUMM GEORGIA/1/2023) |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le ceapachán an Chinn Misin**
**ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia)**
**(EUMM GEORGIA/1/2023)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/452/CBES ón gComhairle an 12 Lúnasa 2010 maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia[1], agus go háirithe Airteagal 10(1) de,

[1] IO L 213, 13.8.2010, lch. 43.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 10(1) de Chinneadh 2010/452/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 11 Feabhra 2020, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2020/200[1] lena gceaptar Marek SZCZYGIEŁ mar Cheann Misin ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia) ón 15 Márta 2020 go dtí an 14 Nollaig 2020.

(3) An 25 Samhain 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/2163[2], lenar cuireadh síneadh le sainordú Marek SZCZYGIEŁ mar Cheann Misin ar EUMM Georgia ón 15 Nollaig 2021 go dtí an 14 Nollaig 2022.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2020/200 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 11 Feabhra 2020 maidir le ceapadh an Chinn Misin ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2018/2075 (EUMM Georgia/1/2020) (IO L 42, 14.2.2020, lch. 15).

[2] Cinneadh (CBES) 2021/2163 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 25 Samhain 2021 lena gcuirtear síneadh le sainordú an Chinn Misin ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM GEORGIA) (EUMM GEORGIA/1/2021) (IO L 437, 7.12.2021, lch. 3).

(4) An 25 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2318[1] lena gcuirtear síneadh le sainordú EUMM Georgia go dtí an 14 Nollaig 2024.

(5) An 25 Eanáir 2023, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gceapfaí Dimitrios KARABALIS mar Cheann Misin ar EUMM Georgia ón 31 Eanáir 2023 go dtí an 14 Nollaig 2023.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, cinneadh a ghlacadh maidir le Dimitrios KARABALIS a cheapadh mar Cheann Misin ar EUMM Georgia ón 1 Feabhra 2023 go dtí 14 Nollaig 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2022/2318 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L 307, 28.11.2022, lch. 133).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Dimitrios KARABALIS mar Cheann Misin ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia) ón 1 Feabhra 2023 go dtí an 14 Nollaig 2024.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Feabhra 2023.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*